2024/2585

1.10.2024

CINNEADH (AE) 2024/2585 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Meán Fómhair 2024

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinní ábhartha a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 48, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([1]) ('an Comhaontú Trádála agus Comhair') i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2021/689 ([2]) ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021, tar éis é a bheith á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann.

(2) De bhun Airteagal 778(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, is cuid dhílis den chomhaontú sin iad na Prótacail agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis. I gcomhréir le hAirteagal 783(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, ón dáta ónar cuireadh an comhaontú sin i bhfeidhm go sealadach ar aghaidh, tá tagairtí do dháta a theacht i bhfeidhm le tuiscint mar thagairtí don dáta ónar cuireadh i bhfeidhm go sealadach é.

(3) Le hAirteagal 8(4)(c) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tugtar de chumhacht don Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta, arna bunú le hAirteagal 8(1) den chomhaontú sin ('an Coiste Speisialaithe'), cinntí, lena n-áirítear leasuithe, agus moltaí a ghlacadh i leith na n-ábhar uile a bhfuil foráil sa chomhaontú sin maidir leo. De bhun Airteagal SSC.68 den Phrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair ('an Prótacal'), féadfaidh an Coiste Speisialaithe leasú a dhéanamh ar na hIarscríbhinní agus na Foscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal. I gcomhréir le hAirteagal 10(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá na cinntí a ghlacfaidh an Coiste Speisialaithe ina gceangal ar na Páirtithe.

(4) Ba cheart Iarscríbhinní SSC-1, SSC-3, SSC-4, SSC-5 agus SSC-6 a ghabhann leis an bPrótacal a thabhairt cothrom le dáta, a mhéid a bhaineann siad le reachtaíocht náisiúnta na mBallstát agus na Ríochta Aontaithe, chun athruithe ar an reachtaíocht náisiúnta a chur san áireamh agus chun roghanna áirithe a léiriú, arna ndéanamh ag na Ballstáit agus an Ríocht Aontaithe agus an prótacal sin á chur chun feidhme acu.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta a leagan síos a mhéid a bhaineann le leasuithe a dhéanamh ar Iarscríbhinní SSC-1, SSC-3, SSC-4, SSC-5 agus SSC-6 a ghabhann leis an bPrótacal, ós rud é go mbeidh an cinneadh atá beartaithe ina cheangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta arna bhunú le hAirteagal 8(1)(p) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, leagtar amach é sa dréachtmholadh ón gCoiste Speisialaithe atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

([1]) IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

([2]) Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 149, 30.4.2021, lch. 2).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

BÓKA J.

DRÉACHT

CINNEADH UIMH. …/2024 ÓN gCOISTE SPEISIALAITHE MAIDIR LE COMHORDÚ SLÁNDÁLA SÓISIALTA ARNA BHUNÚ LE hAIRTEAGAL 8(1)(P) DEN CHOMHAONTÚ TRÁDÁLA AGUS COMHAIR IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH, DE PHÁIRT, AGUS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN, DEN PHÁIRT EILE

an …

a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinní áirithe a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta

TÁ AN COISTE SPEISIALAITHE UM CHOMHORDÚ SLÁNDÁLA SÓISIALTA,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([1]) ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'), agus go háirithe Airteagal SSC.68 dá Phrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal SSC.68 den Phrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair ('an Prótacal'), féadfaidh an Coiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta ('an Coiste Speisialaithe') leasú a dhéanamh ar na hIarscríbhinní agus na Foscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal.

(2) Ba cheart Iarscríbhinní SSC-1, SSC-3, SSC-4, SSC-5 agus SSC-6 a ghabhann leis an bPrótacal a thabhairt cothrom le dáta, a mhéid a bhaineann siad le reachtaíocht náisiúnta na mBallstát agus na Ríochta Aontaithe, chun athruithe ar an reachtaíocht náisiúnta a chur san áireamh agus chun roghanna áirithe a léiriú, arna ndéanamh ag na Ballstáit agus an Ríocht Aontaithe agus an Prótacal á chur chun feidhme acu,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasatear Iarscríbhinn SSC-1 a ghabhann leis an bPrótacal mar a leanas:

(1) Leasatear Cuid 1 mar a leanas

(a) i roinn '(i) AN RÍOCHT AONTAITHE', cuirtear na pointí seo a leanas leis:

'(j) Íocaíocht do Leanaí faoi Mhíchumas, an chomhchuid soghluaisteachta (Rialacháin maidir le Cúnamh Míchumais do Leanaí agus do Dhaoine Óga (Albain) 2021 (SSI 2021/174))

(k) Íocaíocht d'Aosaigh faoi Mhíchumas, an chomhchuid soghluaisteachta (Rialacháin maidir le Cúnamh Míchumais do Dhaoine in Aois Oibre (Albain) 2022 (SSI 2022/54))';

(b) leasaítear roinn '(ii) NA BALLSTÁIT' mar a leanas:

(i) san fhoroinn dar teideal 'AN GHEARMÁIN', cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) Sochar do Shaoránaigh, bunsochair do chuardaitheoirí poist i gcomhréir le Leabhar II den Chód Sóisialta (Leistungen zur Sicherung des Lebensunterhalts der Grundsicherung für Arbeitssuchende (Bürgergeld) nach dem Zweiten Buch Sozialgesetzbuch (SGB II))';

(ii) leasaítear an fhoroinn dar teideal 'AN PHORTAINGÉIL' mar seo a leanas:

— - cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) Pinsean baintreachais neamhranníocach (Foraithne Rialála Uimh. 52/81 an 11 Samhain 1981, agus Foraithne Rialála Uimh. 92/82 an 30 Samhain 1982)';

— - cuirfear an pointe seo a leanas leis:

'(d) Bun-chomhchuid agus Liúntas an tSochair Shóisialta lena gCuimsiú (Dlí Foraithne Uimh. 126-A/2017 an 6 Deireadh Fómhair 2017, arna leasú)';

([1]) IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

(2) leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(a) i roinn '(i) AN RÍOCHT AONTAITHE', cuirtear na pointí seo a leanas leis:

'(h) Rialacháin maidir le hÍocaíocht Tacaíochta do Chúramóirí (Cúnamh don Chúramóir (Íocaíocht Tacaíochta do Chúramóirí) (Albain) 2023 (SSI 2023/302))';

(i) Íocaíocht do Leanaí faoi Mhíchumas, an chomhchuid chúraim (Rialacháin maidir le Cúnamh Míchumais do Leanaí agus do Dhaoine Óga (Albain) 2021 (SSI 2021/174))';

(j) Íocaíocht d'Aosaigh faoi Mhíchumas, an chomhchuid ghníomhaíochtaí laethúla (Rialacháin maidir le Cúnamh Míchumais do Dhaoine in Aois Oibre (Albain) 2022 (SSI 2022/54))';

(b) leasaítear roinn '(ii) NA BALLSTÁIT' mar a leanas:

(i) san fhoroinn dar teideal 'AN BHEILG', athuimhrítear pointí (aa) go (ii) agus déantar pointí (za) go (zi) díobh;

(ii) leasaítear an fhoroinn dar teideal 'AN CHRÓIT' mar a leanas:

— - cuirfear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) An tAcht um Leas Sóisialach (Zakon o socijalnoj skrbi):

— Íos-sochar ráthaithe (zajamčena minimalna naknada);

— Sochar cóiríochta (naknada za troškove stanovanja);

— Cúnamh le haghaidh tomhaltóirí fuinnimh leochaileacha (naknada za ugroženog kupca energenata);

— Íocaíocht cúnaimh aonuaire (jednokratna naknada);

— Liúntas riachtanas pearsanta (naknada za osobne potrebe);

— Liúntas staidéir lánaimseartha (naknada za redovito studiranje);

— Íocaíocht costas scoile cónaithe (plaćanje troškova smještaja u učeničkom domu);

— Liúntas míchumais phearsanta (osobna invalidnina);

— Liúntas maidir le cúnamh agus cúram (doplatak za pomoć i njegu);

— Stádas cúramóra is tuismitheoir nó an stádas cúramóra (status roditelja njegovatelja ili status njegovatelja)';

— - cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

'(aa) An tAcht um Liúntas maidir le Cuimsiú (Zakon o inkluzivnom dodatku):

— Liúntas maidir le cuimsiú do dhaoine faoi mhíchumas (inkluzivni dodatak);

(ab) An tAcht um an Margadh Saothair (Zakon o tržištu rada):

— Cúnamh airgeadais do dhaoine dífhostaithe faoi mhíchumas (novčana pomoć za nezaposlene osobe s invaliditetom)';

— - cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) An tAcht um Chúram Altramais (Zakon o udomiteljstvu):

— Liúntas le haghaidh altramú (opskrbnina);

— Liúntas le haghaidh cúram altramais (naknada za rad udomitelja)';

(iii) leasaítear an fhoroinn dar teideal 'AN DANMHAIRG' mar a leanas:

— cuirfear an pointe seo a leanas isteach:

'(-a) An tAcht Comhdhlúite um Leanaí (Barnets lov):

— Aisíoc na gcostas riachtanach breise a bhaineann le leanbh nó duine óg faoi bhun 18 bliana d'aois a chothú sa teaghlach, ar a bhfuil lagú substaintiúil buan, bíodh sé ina lagú fisiciúil nó ina lagú meabhrach, nó a bhfuil riocht tromchúiseach, ainsealach nó fadtéarmach ag gabháil dó (Dækning af nødvendige merudgifter ved forsørgelse i hjemmet af et barn eller en ung under 18 år med betydelig og varigt nedsat fysisk eller psykisk funktionsevne eller indgribende kronisk eller langvarig lidelse);

— Cúnamh pearsanta agus praiticiúil agus duine fásta tionlacain do leanaí ar a bhfuil lagú substaintiúil buan, bíodh sé ina lagú fisiciúil nó ina lagú meabhrach (Personlig og praktisk hjælp og ledsagelse til børn med betydelig og varigt nedsat fysisk eller psykisk funktionsevne);

— Cúiteamh as caillteanas tuillimh do dhaoine a bhfuil leanbh nó duine óg faoi bhun 18 bliana d'aois á chothú sa teaghlach acu, ar a bhfuil lagú substaintiúil buan, bíodh sé ina lagú fisiciúil nó ina lagú meabhrach, nó a bhfuil riocht tromchúiseach, ainsealach nó fadtéarmach ag gabháil dó (Dækning af nødvendige merudgifter ved forsørgelse i hjemmet af et barn eller en ung under 18 år med betydelig og varigt nedsat fysisk eller psykisk funktionsevne eller indgribende kronisk eller langvarig lidelse)';

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a), (b) agus (c):

'(a) An tAcht Comhdhlúite um Sheirbhísí Sóisialta (Lov om social service):

— Cúnamh pearsanta, aire agus cúram do dhaoine ar a bhfuil lagú fisiciúil nó meabhrach nó ag a bhfuil fadhbanna sóisialta ar leith (Personlig hjælp, omsorg og pleje til personer med nedsat fysisk eller psykisk funktionsevne eller særlige sociale problemer);

— Duine tionlacain do dhaoine ar a bhfuil lagú substaintiúil buan, bíodh sé ina lagú fisiciúil nó ina lagú meabhrach, agus duine tacaíochta agus teagmhála a bheith ar fáil, mar shampla, do dhaoine ag a bhfuil fadhbanna sóisialta ar leith (Ledsagelse til voksne med betydelig og varigt nedsat fysisk eller psykisk funktionsevne og støtte- og kontaktperson til bl.a. personer med særlige sociale problemer);

— Aisíoc aon chostas riachtanach breise a bhaineann le gabháil do ghníomhaíochtaí laethúla d'aosaigh ar a bhfuil lagú buan fisiciúil nó meabhrach (Dækning af nødvendige merudgifter ved den daglige livsførelse til voksne med varigt nedsat fysisk eller psykisk funktionsevne);

— Áiseanna teicniúla, cúnamh chun earraí marthanacha a cheannach agus cúnamh leis an gcostas a bhaineann le tithe daoine a bhfuil lagú fisiciúil nó meabhrach buan orthu a chur in oiriúint (Hjælpemidler, støtte til køb af forbrugsgoder og hjælp til indretning af bolig for personer med varigt nedsat fysisk eller psykisk funktionsevne);

— Fostaíocht do dhuine a léiríonn go bhfuil luí aige leis an margadh saothair agus ar mian leis cúram a dhéanamh sa bhaile do dhuine a bhfuil ceangal aige leis ar a bhfuil lagú substaintiúil buan, bíodh sé ina lagú fisiciúil nó ina lagú meabhrach, nó a bhfuil riocht tromchúiseach, ainsealach nó fadtéarmach ag gabháil dó, lena n-áirítear riocht doleigheasta (Ansættelse af en person med tilknytning til arbejdsmarkedet, der ønsker at passe nærtstående med betydelig og varigt nedsat fysisk eller psykisk funktionsevne eller indgribende kronisk eller langvarig, herunder uhelbredelig, lidelse i hjemmet);

— Cúnamh faoi chomhair riachtanais altranais agus nithe comhchosúla (Hjælp til sygeplejeartikler og lign.);

— Liúntas cúraim leanúnaigh do dhuine a bhfuil cúram á dhéanamh aige do dhuine a bhfuil ceangal aige leis, duine ar mhian leis bás a fháil ina theaghlach féin (Plejevederlag til personer, som passer en nærtstående, der ønsker at dø i eget hjem);

(b) An tAcht Comhdhlúite maidir le Fóirdheontas Tithíochta (Lov om individuel boligstøtte):

— - Fóirdheontas do chostais teaghaise i gcomharchumainn tithíochta phríobháideacha atá oiriúnach do dhaoine atá faoi mhíchumas trom fisiceach (Støtte til udgifter til bolig i private andelsboligforeninger, der er egnet for stærkt bevægelseshæmmede);

(c) An tAcht Comhdhlúite maidir le Tithíocht Shóisialta (Lov om almene boliger):

— - Rochtain do dhaoine faoi mhíchumas ar chineálacha éagsúla tithíochta a rialaítear leis an Acht (Adgang for handicappede til boligtyper omfattet af loven).';

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foroinne dar teideal 'AN ÍSILTÍR':

'AN ÍSILTÍR

An tAcht um Thacaíocht Shóisialta 2015 (Wet maatschappelijke ondersteuning, WMO) an 9 Iúil 2014 agus an tAcht um an Óige 2015 (Jeugdwet) an 18 Feabhra 2014';

(v) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foroinne dar teideal 'AN PHORTAINGÉIL':

'AN PHORTAINGÉIL

Árachas sóisialta agus acmhainní leordhóthanacha a ráthú:

(a) Forlíonadh Cleithiúnais: Dlí Foraithne Uimh. 265/99 an 14 Iúil 1999, arna leasú (complemento por dependência).

(b) Liúntas Cleithiúnaí faoin sainchóras cosanta i gcás míchumais: Acht Uimh. 90/2009 an 31 Lúnasa 2009, arna leasú (regime especial de proteção na invalidez).

An córas slándála sóisialta agus an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte:

(c) An líonra náisiúnta um chúram comhtháite leanúnach: Dlí Foraithne Uimh. 101/06 an 6 Meitheamh 2006, arna leasú (rede nacional de cuidados continuados integrados).

(d) Cúram comhtháite leanúnach sa mheabhairshláinte: Dlí Foraithne Uimh. 8/2010 an 28 Eanáir 2010 maidir le haonaid agus foirne a chruthú le haghaidh cúram comhtháite leanúnach sa mheabhairshláinte, arna leasú (unidades e equipas de cuidados continuados integrados de saúde mental).

(e) Cúram péidiatraiceach (An Líonra Náisiúnta um Chúram Comhtháite Leanúnach): Ordú foraithne Uimh. 343/2015 an 12 Deireadh Fómhair 2015 maidir leis na caighdeáin lena rialaítear cúram péidiatraiceach, idir chúram san ospidéal agus chúram othar seachtrach, faoi chuimsiú an líonra náisiúnta um chúram comhtháite leanúnach, arna leasú (condições de instalação e funcionamento das unidades de internamento de cuidados integrados e de ambulatório pediátricas da Rede Nacional de Cuidados Continuados Integrados)';

(f) Cúramóir Neamhfhoirmiúil (liúntas): Acht Uimh. 100/2019 an 6 Meán Fómhair 2019 um stádas an chúramóra neamhfoirmiúil, arna leasú le hAcht Uimh. 20/2024 an 8 Feabhra 2024, agus Foraithne Rialála Uimh. 1/2022 an 10 Eanáir 2022 (Estatuto do cuidador informal).'.

Airteagal 2

Leasaítear Iarscríbhinn SSC-3 a ghabhann leis an bPrótacal mar a leanas:

(1) Cuirtear 'AN tSLÓVAIC' isteach tar éis 'AN RÓMÁIN';

(2) Cuirtear 'AN RÍOCHT AONTAITHE' isteach tar éis 'AN tSUALAINN'.

Airteagal 3

Leasaítear Iarscríbhinn SSC-4 a ghabhann leis an bPrótacal mar a leanas:

(1) I gCuid 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne 'AN LIOTUÁIN':

'AN LIOTUÁIN

Gach iarratas ar phinsin bhaintrí / bhaintrí fir árachais shóisialta arna ríomh ar bhonn mhéid bunúsach an phinsin baintrí / baintrí fir (An Dlí maidir le Pinsin Árachais Shóisialta).';

(2) I gCuid 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne dar teideal 'AN PHORTAINGÉIL':

'AN PHORTAINGÉIL

Pinsin fhorlíontacha arna ndeonú de bhun Dhlí Foraithne Uimh. 26/2008 an 22 Feabhra 2008, arna leasú le Dlí Foraithne Uimh. 9/2023 an 1 Feabhra 2023 (an scéim um chaipitliú poiblí)'.

Airteagal 4

In Iarscríbhinn SSC-5 a ghabhann leis an bPrótacal,cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid II, an roinn dar teideal 'AN LIOTUÁIN':

'AN LIOTUÁIN

(a) cuirfear an méid seo a leanas in ionad phointe (a): '(a) Pinsin árachais shóisialta maidir le héagumas chun oibre, arna n-íoc faoin Dlí um Pinsin Árachais Shóisialta

(b) Pinsin bhaintrí / bhaintrí fir agus dílleachta árachais shóisialta, arna ríomh ar bhonn phinsean éagumais chun oibre an duine éagtha faoin Dlí maidir le Pinsin Árachais Shóisialta'.

Airteagal 5

Leasaítear Iarscríbhinn SSC-6 a ghabhann leis an bPrótacal mar a leanas:

(1) Sa roinn dar teideal 'AN GHEARMÁIN', cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'9. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal SSC.39, chun líon na sochar easláine faoi reachtaíocht na Gearmáine a chinneadh, beidh feidhm ag forálacha Chaibidil 5 den Phrótacal *mutatis mutandis*.';

(2) Cuirfear an roinn seo a leanas isteach tar éis na roinne ‘ÉIRE’:

‘LUCSAMBURG

Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal SSC.39, chun líon na sochar easláine faoi reachtaíocht Lucsamburg a chinneadh, beidh feidhm ag forálacha Chaibidil 5 den Phrótacal *mutatis mutandis*.’;

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne ‘MÁLTA’:

‘MÁLTA

1. Forálacha speisialta do státseirbhísigh

(a) Chun críocha Airteagail SSC.43 agus SSC.55 den Phrótacal seo a chur i bhfeidhm, agus chun na gcríoch sin amháin, déileálfar mar státseirbhísigh le daoine arna bhfostú faoi Acht Fhórsaí Armtha Mhálta (Caibidil 220 de Dhlíthe Mhálta), faoi Acht na bPóilíní (Caibidil 164 de Dhlíthe Mhálta), faoi Acht na bPríosún (Caibidil 260 de Dhlíthe Mhálta) agus faoin Acht um Chosaint Shibhialta (Caibidil 411 de Dhlíthe Mhálta).

(b) Pinsin is iníoctha faoi na Gníomhartha thuas agus faoi Reacht na bPinsean (Caibidil 93 de Dhlíthe Mhálta), measfar, chun críocha phointe (cc) d’Airteagal SSC.1 den Phrótacal seo, agus chun na gcríoch sin amháin, gur “scéimeanna speisialta do státseirbhísigh iad”.

2. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal SSC.39, chun líon na sochar easláine faoin Acht um Árachas Sóisialta (Caibidil 318 de Dhlíthe Mhálta) a chinneadh, beidh feidhm ag forálacha Chaibidil 5 den Phrótacal *mutatis mutandis*.’;

(4) Cuirtear an roinn seo a leanas isteach tar éis na roinne dar teideal ‘AN ÍSILTÍR’:

‘AN tSLÓIVÉIN

Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal SSC.39, chun líon na sochar easláine faoi reachtaíocht na Slóivéine a chinneadh, beidh feidhm ag forálacha Chaibidil 5 den Phrótacal *mutatis mutandis*.’;

(5) Sa roinn dar teideal ‘AN SPÁINN’, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘5. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal SSC.39, chun líon na sochar easláine a chinneadh i gcomhréir leis an Acht Ginearálta um Árachas Sóisialta (Foraithne Ríoga Reachtach 8/2015) agus i gcomhréir le téacs comhdhlúite an Achta um Pinsin Státseirbhíse (Ley de Clases Pasivas) (Foraithne Ríoga Reachtach 670/1987), beidh feidhm ag forálacha Chaibidil 5 den Phrótacal *mutatis mutandis*.’.

Airteagal 6

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

Thar ceann an Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta

Na Comhchathaoirligh